



An Bhruiséil, 7 Nollaig 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0427(COD)**

15219/1/22
REV 1

LIMITE

**MIGR 373
JAI 1616
ASILE 112
FRONT 451
RELEX 1655
CODEC 1915**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14947/22
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15152/21
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar chásanna ionstraimithe i réimse na himirce agus an tearmainn – <i>Tuarascáil ar dhul chun cinn</i>

1. An 14 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún Eorpach Togra síos le haghaidh Rialacháin maidir le cásanna ionstraimithe i réimse na himirce agus an tearmainn¹. Is é is aidhm don tionscnamh reachtach seo aghaidh a thabhairt ar chásanna ionstraimithe i réimse na himirce agus an tearmainn ar leibhéal an Aontais, agus leas á bhaint as na réitigh a cuireadh i bhfeidhm i gcomhthéacs na mbeart tacaíochta don Laitvia, don Liotuáin agus don Pholainn².

¹ COM(2021) 890 final

² Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta sealadacha éigeandála ar mhaithe leis an Laitvia, leis an Liotuáin agus leis an bPolainn; COM/2021/752 final

2. Rinneadh an togra mar obair leantach ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Deireadh Fómhair 2021¹, inar cuireadh i dtreis nach nglacfaidh an tAontas le haon iarracht ó thríú tíortha imircigh a ionstraimiú chun críoch polaitiúil, agus is é atá i gceist leis creat dlíthiúil an Aontais a oiriúnú le bearta nithiúla chun a áirithiú go dtabharfar freagra láithreach iomchuí ar an mbagairt hibrídeach agus ar an úsáid a bhaintear as sreabha imirce áirithe chun críoch polaitiúil.
3. Cheadódh an rialachán do na Ballstáit, i gcás ionstraimithe, maolú go heisceachtúil ar roinnt de na comhrialacha Eorpacha maidir le tearmann, i gcás inar gá agus inar comhréireach. Leis na roghanna atá beartaithe, comhlánaítear agus treisítear na tograí faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.
4. Rinneadh cur i láthair ginearálta ar an togra faoi chuimsiú na Meithle um Thearmann an 15 Márta 2022, agus bhí plé ann ina dhiaidh sin faoi chuimsiú na Meithle um Thearmann an 22 Iúil, an 8 Meán Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair agus ar leibhéal Chomhairleoirí CGB an 9 Samhain agus an 23 Samhain 2022.
5. Tar éis comhairliúchán i scríbhinn leis na toscaireachtaí maidir leis an téacs comhréitigh is déanaí, measann an Uachtaránacht go bhfuil an téacs reatha cobhsaí agus gur comhréiteach cothrom é lena léirítear an raon leathan seasamh atá ag na Ballstáit. Leis an téacs reatha, cuirtear gach tagairt d'ionstraimí reachtacha eile idir lúibíní cearnacha (lena n-áirítear Airteagal 4 ina dtagraítear don nós imeachta éigeandála um fhilleadh i ngeall ar a ábharthacht i dtaobh Schengen agus ar shaincheist na geoiméadrachta athraithí) agus, ar an gcaoi sin, ní thagtar roimh aon phlé a dhéanfar amach anseo maidir leis na comhaid faoi seach.
6. I bhfianaise an phlé a rinneadh in Coreper an 7 Nollaig 2022, cuireann an Uachtaránacht faoi bhráid na Comhairle téacs an Rialacháin atá beartaithe lena léirítear an staid mar atá faoi láthair.

¹ EUCO 17/21

2021/0427 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena dtugtar aghaidh ar chásanna ionstraimithe i réimse [...] an tearmainn

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), (d) agus (f) agus Airteagal 79(2)(c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

⁴ IO C , , lch. .

⁵ IO C , , lch. .

- (1) D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh imircigh á n-ionstraimiú i gcás ina dtionscnaíonn tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é [...] imirce neamhrialta isteach san Aontas trí [...] ghluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát chuig na teorainneacha seachtracha a spreagadh nó a éascú, nó fiú trí iallach a chur orthu gluaiseacht mar sin, is é sin isteach ina chríoch féin i dtosach báire nó ag teacht óna chríoch féin, agus ansin ar aghaidh chuig na teorainneacha seachtracha sin nó chuig críoch Bhallstáit amháin nó níos mó, i gcás ina léiríonn na gníomhaíochtaí sin rún tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú, agus i gcás ina bhféadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Stáit a chur i mbaol, lena n-áirítear a iomláine chríochach, caomhnú rialach agus reachta, nó coimirce a shlándála náisiúnta. [Maidir leis an sainmhíniú dlíthiúil, is iomchuí an sainmhíniú ar ionstraimiú sa Rialachán seo a ailíniú leis an sainmhíniú a úsáidtear i Rialachán 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen).]
- (1a) Sna cásanna ina mbíonn gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad páirteach sa choireacht eagraithe, go háirithe sa smuigleáil, níor cheart a mheas gur ionstraimiú imirceach é sin nuair nach aidhm dó an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú. Thairis sin, níor cheart oibríochtaí cabhrach daonnúla a mheas mar ionstraimiú imirceach nuair nach aidhm dóibh an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú.
- (2) Is toradh é an Rialachán seo ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ina conclúidí an 22 Deireadh Fómhair 2021, go ndéanfaí aon athrú riachtanach ar chreat dlíthiúil an Aontais a mholadh, mar aon le bearta nithiúla chun freagairt láithreach iomchuí a áirithiú ar an mbagairt hibrideach i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta. Thairis sin, cuidíonn sé le creat cuimsitheach buan a bhunú le gur féidir na huirlisí riachtanacha a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann chun freagairt go héifeachtach pras ar chás ionstraimithe, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7, agus cearta bunúsacha agus oibleagáidí idirnáisiúnta á n-urramú ina n-iomláine.

- (3) Ar cheann de na huirlisí sin atá sa Rialachán seo, tá nós imeachta éigeandála i ndáil le [...]tearmann agus [...] fillleadh atá á thabhairt isteach lena bhféadfaí na Ballstáit leas a bhaint as uirlisí dlíthiúla chun aghaidh a thabhairt ar chásanna a bheidh ann amach anseo ina mbeidh ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh.
- (4) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagail 1, 4, 7, 24, 18 agus 19[...] (1) agus (2) de, chomh maith le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun léiriú a thabhairt, go háirithe, ar an tús áite nach mór a thabhairt do leas an linbh, ar an ngá le saol an teaghlaigh a urramú, agus freisin chun cosaint shláinte na ndaoine lena mbaineann a áirithiú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha agus coimircí sonracha a bhfuil feidhm acu maidir le mionaoisigh neamhthionlactha mar aon le mionaoisigh agus a mbaili teaghlaigh, agus maidir le hiarratasóirí a dteastaíonn tacaíocht shonrach agus leordhóthanach uathu i ngeall ar a riocht sláinte. Ba cheart go leanfadh na rialacha agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i Rialachán (AE) XXX/XXX⁶ [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] d'fheidhm a bheith acu maidir le daoine atá faoi réir an [...] nós imeachta éigeandála [...] tearmainn, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo. Na rialacha atá leagtha amach i dTreoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálai Glactha (athmhúnlú)*]⁷, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ba cheart iad a bheith infheidhme fós, ón tráth a dhéantar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar aghaidh, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis an Rialachán seo.
- (4a) Ba cheart do na rialacha agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán um Scagadh*], Rialachán (AE) XXX/XXX [*Rialachán Eurodac*] agus Rialachán (AE) [*an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce*] leanúint d'fheidhm a bheith acu gan beann ar mhaoluithe faoin Rialachán seo. Beidh an Rialachán seo gan dochar do na rialacha is infheidhme faoin [*Rialachán maidir le Géarchéimeanna*]; féadfar an dá rialachán a chur i bhfeidhm ag an am céanna má chomhlíontar na coinníollacha dá ngníomhachtú.

⁶ IO C , , lch. .

⁷ IO C , , lch. .

- (5) I gcás ina mbeadh ionstraimiú á dhéanamh, d'fhéadfaí go mbeadh go leor iarratas ar chosaint idirnáisiúnta á ndéanamh ag an teorainn sheachtrach nó i limistéar idirthurais Ballstáit, go minic iarratais ó dhaoine a ghabhtar i dtaca le trasnú neamhúdaraíthe na teorann seachtraí, ar tír, ar muir nó san aer, nó ó dhaoine a chuirtear i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Chun cuidiú le Ballstát atá ag déileáil le cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh, chun bainistiú ordúil a dhéanamh ar na sreabha, faoin nós imeachta éigeandála [...] tearmainn, ba cheart, i gcás náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a gabhadh nó a fuarthas i ngaireacht don teorainn sheachtrach leis an tríú tír a bhfuil ionstraimiú ar imircigh á dhéanamh aici, tar éis trasnú neamhdhleathach ar tír, ar muir nó san aer, nó daoine a cuireadh i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann, go mbeadh an Ballstát lena mbaineann in ann a chinneadh gan iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ach amháin ag pointí sonracha clárúcháin arna n-ainmniú chun na críche sin, atá suite i ngaireacht don teorann, agus gan féidearthacht éifeachtach a sholáthar chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chur isteach ach amháin ag na pointí sonracha arna n-ainmniú chun na geríoch sin, pointí ar cheart rochtain éasca a bheith orthu. Ní mór fíor-rochtain éifeachtach ar an nós imeachta um chosaint idirnáisiúnta a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951. Chun na críche sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go ndéanfar líon leordhóthanach pointí clárúcháin, a bhféadfadh pointí trasnaithe teorann a bheith ar áireamh iontu, a ainmniú agus a oscailt chuige sin. Ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas go cuí faoi na háiteanna ina gclárófar a n-iarratas agus inar féidir iad a chur isteach.

- (6) I gcás ina bhfuil ionstraimiú a dhéanamh ar imircigh, tá sé fíor-riachtanach cosc a chur ar dhul isteach na ndaoine sin nach gcomhlíonann na coinníollacha le dul isteach, agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú an tráth céanna. Chun a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag an mBallstát atá ag déileáil le cás mar sin agus chun nach ndíreoidh tríú tír naimhdeach ar náisiúntachtaí sonracha nó ar chatagóirí sonracha náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát, ba cheart é a bheith indéanta don Bhallstát lena mbaineann, faoin nós imeachta éigeandála [...] tearmainn a leagtar amach sa Rialachán seo, cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú an nós imeachta teorann, mar a leagtar amach in [Airteagal 41 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]], maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile ar chosaint idirnáisiúnta [...]. Ní mór na prionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*] a urramú.
- (7) [...] I gcás ina mbeidh Ballstát ag déileáil le hionstraimiú, d'fhéadfadh sé nach mór don Bhallstát lena mbaineann acmhainní a atreorú chun bainistiú a dhéanamh ar na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát atá ag baint a dteorainneacha amach. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh am a bheith ag teastáil ón mBallstát lena mbaineann chun a chuid acmhainní a atheagrú agus chun a acmhainneacht a mhéadú, lena n-áirítear le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh líon na n-iarratasóirí a dhéanfaidh iarratas faoin nós imeachta teorann a bheith níos airde ná mar is gnáth, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ama ag teastáil ón mBallstát atá ag déileáil leis an ionstraimiú chun cinntí a dhéanamh ach gan cead a thabhairt dul isteach sa chríoch lena linn sin. [...] I gcás mar sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú laistigh de thréimhse shínte [...] trí seachtaine. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn ar feadh uastréimhse [...] 20 seachtain [...]. An cinneadh maidir leis an iarratas, lena n-áirítear cinneadh maidir le hachomharc a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne cinneadh diúltach, rud nár cheart éifeacht fionraíochta uathoibríoch a bheith aige, mura ndéanfar an cinneadh sin laistigh de [...] 20 seachtain [...], ba cheart cead dul isteach sa chríoch a dheonú, ach amháin má tá an duine faoi réir an nós imeachta um fhilleadh mar a luaitear in [Airteagal 41a de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]]. [...] Mar sin féin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt do chlárú iarratas daoine a bhfuil riachtanais ghlactha speisialta acu mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(13) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)*]], go háirithe mionaoisigh neamhthionlactha agus mionaoisigh, agus ansin baill teaghlaigh mionaoiseach.

- (8) I gcomhréir le [hAirteagal 8(3)(d) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)*]], féadfar iarratasóir a choinneáil chun cinneadh a dhéanamh, i gcomhthéacs nós imeachta, maidir le ceart an iarratasóra dul isteach sa chríoch. Foráiltear leis an Treoir sin freisin nach bhféadfaidh na Ballstáit iarratasóir a choinneáil ach amháin nuair is gá sin agus ar bhonn measúnú aonair ar gach cás. Ní fhéadfaidh Ballstáit iarratasóir a choinneáil ach amháin murar féidir bearta eile nach bhfuil chomh comhéigneach sin a chur i bhfeidhm. [...] I gcás ar bith, má chuirtear coinneáil i bhfeidhm agus mura gcomhlíontar na ráthaíochtaí agus na coinníollacha coinneála nó mura féidir iad a chomhlíonadh ag an teorainn, níor cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta éigeandála [...] tearmainn nó ba cheart go scoirfeadh sé d'fheidhm a bheith aige, mar a fhoráiltear in [Airteagal 41(9)(d) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*]].
- (9) [...] I gcás ina gcuirfear i bhfeidhm an nós imeachta éigeandála [...] tearmainn, ba cheart do na húdaráis inniúla tús áite a thabhairt do na coimircí d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha agus nós imeachta acu, lena n-áirítear fadhbanna sláinte. Ar an gcúis sin, an Ballstát atá ag déileáil le hionstraimiú, níor cheart dó cásanna an nós imeachta [...] tearmainn éigeandála [...] a chur i bhfeidhm nó ba cheart dó scor dá gcur i bhfeidhm i gcás [ina bhfuil cúiseanna leighis ann gan an nós imeachta teorann a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 41(9)(c) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*]] nó i gcás nach féidir an tacaíocht is gá a chur ar fáil d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu i gcomhréir le hAirteagal 41(9)(b) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*]]. [...] Ba cheart don Bhallstát lena mbaineann [...] tosaíocht a thabhairt don scrúdú ar iarratais ó dhaoine [...] a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós imeachta Tearmainn*]] agus a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu mar a shainmhínítear in [Airteagal 2(13) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)*]], go háirithe mionaoisigh neamhthionlactha, mionaoisigh, agus ansin baill teaghlaigh mionaoiseach [...]].

- (10) Ní mór aon ghníomhartha foréigin ag an teorainn a sheachaint [...] nó, i gcás inar gá, ní mór aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach iomchuí, ní hamháin chun iomláine chríochach agus slándáil an Bhallstáit atá ag déileáil leis an ionstraimiú a chosaint ach chun slándáil agus sábháilteacht na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a áirithiú freisin, lena n-áirítear teaghlaigh agus leanaí atá ag fanacht lena ndeis iarratas a dhéanamh ar thearmann san Aontas go síochánta. [...] Go háirithe i gcás ionstraimiú imirceach ina ndéanann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát iarracht teacht isteach ina slua gan chead agus modhanna foréigneacha á n-úsáid acu, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta iomchuí riachtanacha a dhéanamh, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, chun an tslándáil agus riail agus reacht a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.
- (11) I gcás ionstraimithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ballstát in ann na dálaí glactha ábharacha a theastaíonn de ghnáth a áirithiú sa chleachtas toisc go bhféadfadh acmhainneachtaí an Bhallstáit a bheith faoi bhrú rómhór. Ar an gcúis sin, i gcás mar sin [...], ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a bheith in ann rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le dálaí glactha ábharacha atá éagsúil leo siúd dá bhforáiltear i dTreoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)*] i gcásanna seachas iad siúd dá dtagraítear in [Airteagal 17(9) den Treoir sin agus a bhunriachtanais á gcumhdach i gcomhréir le haithris 32 de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Dálaí Glactha (athmhúnlú)*]]. [...] Ba cheart do na Ballstáit rochtain a áirithiú freisin ar chabhair dhaonnúil agus cead a thabhairt an chabhair sin a sholáthar [...]i gcomhréir leis na riachtanais atá ag na daoine lena mbaineann. Ráthaítear rochtain comhairleoirí dlí i gcomhréir le [hAirteagail 8(4), 14(1) agus 16(3) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*]]. In Airteagal 18 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*], déantar cur síos ar ról UNCHR chomh maith le heagraíochtaí a gcuireann an Ballstát lena mbaineann cúraimí sonracha orthu].

- [(12) Chun an [...] nós imeachta tearmainn [...] a chomhlánú agus chun comhleanúnachas iomlán leis a áirithiú, ba cheart an tsolúbthacht is gá a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit atá ag déileáil le cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh chun nósanna imeachta um fhilleadh a chur i gcrích tar éis an nós imeachta tearmainn, i gcás inar diúltaíodh an t-iarratas nó inar tháinig deireadh le nós imeachta agus nár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta, go háirithe trí iarratas ar thearmann a tharraingt siar. Ar an gcúis sin, i gcás ionstraimithe agus gan dochar do shocruithe an Aontais atá ann cheana um athligeran isteach, ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm [Airteagal 41a de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn*], Treoir XXX/XXX [*an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)*], agus an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, agus *mutatis mutandis* Airteagal 4(4) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)*] á urramú ag an am céanna, ina n-ionad sin.] Tá ráthaíochtaí bunúsacha in Airteagal 4(4) a urramófar sna cásanna sin freisin. [...]I gcás ina ndéantar iarratas ina dhiaidh sin díreach chun moill nó bac a chur ar an bhfilleadh, is féidir leis na Ballstáit na rialacha a leagtar amach in [Airteagail 42 agus 43 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]] a chur i bhfeidhm.
- (13) Agus an maolú i réimse an fhilleadh á chur i bhfeidhm [...], ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go n-urramófar go hiomlán Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta. Maidir le náisiúnaigh tríú tír a gcuirtear an dlí náisiúnta i bhfeidhm ina leith, áiríteoidh na Ballstáit, i gcomhréir le [hAirteagal 4(4) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)*]], nach lú fabhar dóibh an chóireáil agus an leibhéal cosanta atá acu ná mar a leagtar amach in [Airteagal 10(4) agus (5) (Srianta ar bhearta comhéigheacha a úsáid), Airteagal 11(2)(a) – (aistriú a chur siar), Airteagal 17(1)(b) agus (d) [cúram sláinte éigeandála agus riachtanais daoine leochaileacha a chur san áireamh], agus Airteagail 19 agus 20 (dálaí coinneála)], agus urramóidh siad prionsabal an *non-refoulement*. [...]

- (13a) Beidh na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar don fhéidearthacht go bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann maolú ar chur i bhfeidhm Threoir XXX/XXX [an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)] de bhua Airteagal 2(2)(a) den Treoir sin, i dtaca le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát a ghabhann nó a stopann na húdaráis inniúla i dtaca le trasnú mírialta teorann seachtraí Ballstáit ar tír, ar muir nó san aer agus nach bhfuair údarú nó ceart fanachta ina dhiaidh sin sa Bhallstát sin.]
- (14) I gcás ina gcuireann Ballstát ceann amháin nó níos mó de na bearta atá sa Rialachán seo i bhfeidhm, ba cheart don Bhallstát na náisiúnaigh tríú tír agus na daoine gan stát [...] a chur ar an eolas, i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát, nó i dteanga a síltear go réasúnach go dtuigfidh sé, faoi na maoluithe arna gcur i bhfeidhm, faoi na pointí atá ar fáil inar féidir iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a chur isteach, go háirithe suíomh na bpointí is gaire do láthair inar féidir a n-iarratas a chlárú agus a chur isteach, [...] agus faoi ré na mbeart. Féadfar painéil faisnéise a úsáid chun na críche sin. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit aird a thabhairt ar riachtanas speisialta nós imeachta na n-iarratasóirí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus faisnéis a sholáthar ar mhodh iomchuí dá réir sin. Ina theannta sin, [ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 8 maidir le faisnéis a sholáthar agus Airteagal 35(2) maidir le faisnéis i ndáil leis an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh maidir leis an iarratas, airteagail de Rialachán (AE) XXX/XXX [an Rialachán maidir le Nós Imeachta Tearmainn]].

- (14a) I gcás ionstraimithe, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar gach beart chun imirce thánaisteach neamhrialta a chosc agus, ag an am céanna, tacaíocht iomlán a thabhairt do Bhallstát amháin nó níos mó Ballstát ina bhfuil náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ag teacht mar thoradh ar an gcás sin. Anuas air sin, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'fheidhmiú na bhfreagrachtaí atá ar na Ballstáit maidir le riail agus reacht a chaomhnú agus an tslándáil inmheánach a choimirciú.
- (15) I gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag an mBallstát atá ag déileáil leis an gcás ionstraimithe, na bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta is oiriúnaí dá riachtanais a iarraidh ar Bhallstáit eile, chun an cás ionstraimithe a bhainistiú. D'fhéadfadh gach cineál birt tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a bheith i gceist chun aghaidh a thabhairt ar an gcás ionstraimithe, lena n-áirítear bearta fothaithe acmhainneachta, athlonnú, tacaíocht maidir le filleadh, tacaíocht maidir le gné sheachtrach na géarchéime agus bearta atá dírithe ar fhreagairt ar an gcás ionstraimithe trí chomhar le tríú tíortha nó trí fhor-rochtain chuig tríú tíortha a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar a náisiúnaigh.

- (16) Ba cheart a iarraidh ar na Ballstáit eile nach bhfuil ag déileáil le cás ionstraimithe iad féin rannchuidiú chun leas Ballstáit atá ag déileáil leis an gcás ionstraimithe trí bhíthin bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhreagraíonn do na riachtanais a sainíodh. Ba cheart don Choimisiún comhordú a dhéanamh ar na bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta sin a luaithis is féidir tar éis dó an iarraidh a fháil ón mBallstát atá ag déileáil leis an gcás ionstraimithe.
- (17) Ballstát atá ag déileáil le cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, féadfaidh sé tacaíocht a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta nó ar Europol i gcomhréir lena sainorduithe. Ina theannta sin agus de réir mar is iomchuí, féadfaidh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann cúnamh a thairiscint ar a tionscnamh féin i gcomhréir le hAirteagal 16(1)(d) de Rialachán 2021/2303[...] [*an Rialachán maidir le Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann*], agus féadfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cúnamh a thairiscint i réimse an fhille i gcomhréir le hAirteagail 48, 50, 52 agus 53 de Rialachán (AE) 2019/1896 i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann agus féadfaidh Europol cúnamh a thairiscint i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/794.

- (18) Má iarrann an Ballstát lena mbaineann go gcuirfear i bhfeidhm na maoluithe ábhartha a leagtar amach sa Rialachán seo, ar bhonn fianaise dochloíte lena léirítear gurb ann do chás ionstraimithe [...], ba cheart don Choimisiún [...] togra a chur ar aghaidh lena n-údarófar do Bhallstát na rialacha maolaitheacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann togra a dhéanamh freisin i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin a dhéanamh ar bhonn faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach. Ina theannta sin, chun ardleibhéal grinnschrúdaithe pholaitiúil agus tacaíochta polaitiúla a áirithiú agus chun dlúthpháirtíocht an Aontais a léiriú, ní mór a chur san áireamh sa dá chás ar aithin an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas nó ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit ag déileáil le cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh. [...] Agus ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh, d'fhéadfadh sé go gcuirfí i mbaol feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit, lena n-áirítear riail agus reacht a choinneáil ar bun nó a shlándáil náisiúnta a choimirciú. Dá bhrí sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údaraítear Ballstát na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Ba cheart freisin é a thabhairt de chumhacht don Chomhairle na maoluithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a aisghairm, nó síneadh suas le 6 mhí a chur leo, ar bhonn an togra ón gCoimisiún agus ag brath ar cibé atá na himthosca a thugann údar le tabhairt isteach na maoluithe ann i gcónaí nó ar tháinig deireadh leo. Féadfar leasú ar na maoluithe a cuireadh i bhfeidhm a áireamh sa chinneadh maidir le síneadh a chur leo [...]. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu, ba cheart don Choimisiún agus don Chomhairle a áirithiú i gcónaí go n-urramófar prionsabal na comhréireachta.
- (18a) Níor cheart gá a bheith le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ach amháin i gcásanna sonracha, go háirithe i gcás inar staid éigeandála é an t-ionstraimiú arna tionscnamh ag imirce neamhrialta isteach san Aontas agus a d'fhéadfadh, i ngeall ar chineál an ionstraimithe nó in éineacht le hionsaithe hibrideacha eile, a bheith ina riosca d'fheidhmeanna bunriachtanacha an Stáit, don chaomhnú rialach agus reachta nó do chosaint a shlándála náisiúnta, nó i gcás inar staid éigeandála é an t-ionstraimiú ina bhfuil méadú suntasach gan choinne ar líon cásanna na n-iarratas ar thearmann ag an teorainn sheachtrach.

- (19) Ba cheart a áireamh sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle údarú na maoluithe sonracha a d'fhéadfadh an Ballstát atá ag déileáil le cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh a chur i bhfeidhm, agus ba cheart an dáta a shocrú ann óna mbeidh feidhm acu, mar aon leis an ré a mbeidh feidhm acu. Thairis sin, ba cheart go sonrófaí ann na forais ar a bhfuil sé bunaithe agus raon feidhme pearsanta na maoluithe.
- (20) Chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann an cúnamh is gá a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí um fhilleadh deonach a chur chun cinn nó trína ndualgais dhaonnúla a chur i gcrích, ba cheart rochtain éifeachtach ar an teorainn, faoi na coinníollacha a leagtar amach i dTreoir (AE) XXX/XXX [*an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú*] agus i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], a bheith ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, UNHCR go háirithe, agus eagraíochtaí comhpháirtíochta ábhartha eile a gcuireann na Ballstáit cúraimí sonracha orthu, go háirithe an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce agus Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. Ba cheart rochtain ar iarratasóirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag an teorainn, a cheadú don Ard-Choimisinéir le haghaidh Dídeanaithe. Chuige sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann [...] dul i gcomhar leis na [...] heagraíochtaí sin.
- (20a) I dtaca leis an gCipir, le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 10 a ghabhann leis an Ionstraim Aontachais, foráiltear do rialacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an líne idir limistéir Phoblacht na Cipire ina bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire an rialú éifeachtach agus na limistéir sin nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire an rialú éifeachtach iontu. Cé nach teorainn sheachtrach í an líne, fágann sí gur cheart a mheas má spreagann nó má éascaíonn tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát leis an líne sin a thrasnú gurb ionann sin agus ionstraimiú.

- (21) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

NÓ

[I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn (le litir an ...) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

- (22) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha sonracha de mhaolú eisceachtúil ar na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*], i dTreoir (AE) XXX/XXX [*an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú*] agus i dTreoir (AE) XXX/XXX [*an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)*] a bhféadfaidh Ballstát a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh [...] mar a shainmhínítear i mír 2 nuair is gá agus is comhréireach chun freagairt ar chás den chineál sin. Foráiltear ann freisin maidir le rialacha sonracha i ndáil le bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhéadfar a dhéanamh sa chás sin.
2. Ciallaíonn cás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh cás ina spreagann nó ina n-éascaíonn tríú tír nó gníomhaí nach gníomhaí stáit é gluaiseacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát chuig na teorainneacha seachtracha, lena gciallaítear teorainneacha talún na mBallstát, lena n-áirítear teorainneacha abhann agus locha, teorainneacha farraige agus a n-aerfoirt, a gcalafoirt abhann, a gcalafoirt mhara agus a gcalafoirt locha, ar choinníoll nach teorainneacha inmheánacha iad, nó chuig Ballstát, agus é mar aidhm leis sin an tAontas nó Ballstát a dhíchobhsú nuair a d'fhéadfadh na gníomhaíochtaí sin feidhmeanna bunriachtanacha Ballstáit a chur i mbaol, lena n-áirítear riail agus reacht a choinneáil nó a shlándáil náisiúnta a choimirciú (dá ngairfear 'ionstraimiú' anseo feasta) [...].

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na prionsabail bhunúsacha agus na ráthaíochtaí bunúsacha [arna mbunú leis na gníomhartha] a gceadaítear maoluithe orthu de bhun an Rialacháin seo.

CAIBIDIL II

An nós imeachta éigeandála i ndáil le [...] tearmann agus filleadh i gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh [...]

Airteagal 2

An nós imeachta éigeandála i ndáil le [...] tearmann i gcás ina bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar imircigh [...]

[...] I gcás ionstraimithe [...], Ballstát a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt air ag a teorainneacha seachtracha mar thoradh ar theacht isteach náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát [...] atá faoi réir ionstraimithe agus a ghabhtar nó a aimsítear gar don teorainn sheachtrach, lena gciallaítear teorainneacha talún na mBallstát, lena n-áirítear teorainneacha abhann agus locha, teorainneacha farraige agus a n-aerfoirt, a gcalafoirt abhann, a gcalafoirt mhara agus a gcalafoirt locha, ar choinníoll nach teorainneacha inmheánacha iad, [...] i dtaca le trasnú neamhdhleathach ar tír, ar muir nó san aer nó maidir le daoine a cuireadh i dtír tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann, féadfar ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát dá dtagraítear sa mhír seo [...]:

- (a) de mhaolú ar [Airteagal 27 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]], iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna ndéanamh laistigh den tréimhse ina ndéantar an pointe seo a chur i bhfeidhm a chlárú tráth nach déanaí ná [...] 3 seachtaine tar éis an t-iarratas a bheith déanta.

I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do chlárú na n-iarratas sin [...]ó dhaoine ag a bhfuil riachtanais ghlaclaí speisialta mar a shainmhínítear sa [Treoir maidir le Coinníollacha Glaclaí, Athmhúnlú] [...] agus [...]ó bhaill teaghlaigh mionaoiseach. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt freisin do chlárú na n-iarratas ar dócha bunús maith leo.

- (b) de mhaolú ar [Airteagal 41(2)(a) agus (b), Airteagal 41(5) agus Airteagal 41(9)(a) de Rialachán (AE) XXX/XXX *[an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*⁸, agus i gcomhréir le hAirteagal 41(13) agus (14) de Rialachán (AE) XXX/XXX *[an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*], cinneadh a dhéanamh ag na suíomhanna ag an teorainn sheachtrach, i ngaireacht don [...] teorainn sheachtrach [...] nó do limistéir idirthurais, nó mura féidir leis an mBallstát lena mbaineann freastal orthu sna suíomhanna sin, i suíomhanna ainmnithe eile laistigh dá chríoch, maidir le hinghlacthacht agus fiúntas na n-iarratas uile arna ndéanamh ag aon náisiúnach tríú tír nó duine gan stát agus arna glárú laistigh den tréimhse ina gcuirtear an pointe seo i bhfeidhm.

I gcás ina mbeidh an maolú sin á chur i bhfeidhm, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht do scrúdú na n-iarratas sin ar chosaint idirnáisiúnta [...] arna dtaisceadh ag daoine a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta nó ghlactha acu mar a shainítear sa *[[Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú agus sa Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn]* [...] agus [...] baill teaghlaigh mionaoiseach]. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann tosaíocht a thabhairt freisin do scrúdú na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar dócha bunús maith leo nó ar dócha gur léir gan aon bhunús acu.

- (c) de mhaolú ar [Airteagal 41(11) de Rialachán (AE) XXX/XXX *[an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*], beidh [...] ré an nós imeachta tearmainn éigeandála [...] le haghaidh scrúdú na n-iarratas arna glárú laistigh den tréimhse a chuirtear an maolú i gcomhréir leis an bpointe seo i bhfeidhm [...] chomh gearr agus is féidir ach ar feadh 20 seachtain ar a mhéad, lena n-áirítear achomharc, ó dháta cláraithe an iarratais sin. [...]

⁸ Tagraíonn sé do théacs an togra arna leasú ag an gCoimisiún in 2020.

- (d) de mhaolú ar [Airteagal 12(5) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]] féadfar [...] an t-agallamh pearsanta a fhágáil ar lár freisin i gcás ina mbeidh an t-údarás cinntitheach in ann cinneadh dearfach a dhéanamh ar bhonn na fianaise atá ar fáil maidir leis an stádas cosanta coimhdí.

[...]

Airteagal 3

Dálaí Glactha Ábharacha

De mhaolú ar [Airteagail 16 agus 17(1), (2) pointe (c) agus míreanna (6) go (8) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú*]], [...], féadfaidh an Ballstát rialacha mionsonraithe eile a leagan síos go sealadach maidir le dálaí glactha ábharacha, ón tráth a dhéantar an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta go dtí an clárú agus ansin ar feadh na huastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 2(c) nó ón tráth a dhéantar an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta go dtí an clárú agus ansin ar feadh na tréimhse dá dtagraítear in [Airteagal 41(11) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]] i gcás nach gcuirtear maolú faoi Airteagal 2(c) i bhfeidhm, [...] i ndáil le hiarratasóirí a gabhadh nó a fuarthas, mar thoradh ar ionstraimiú de réir an Rialacháin seo [...] nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann. Cumhdóidh na Ballstáit bunriachtanais na n-iarratasóirí, go háirithe bia, uisce, éadaí, cúram leighis leordhóthanach, agus foscadh sealadach arna gcur in oiriúint do na dálaí aimsire séasúracha, agus lánurraim á tabhairt do dhínit an duine. Tá an maolú ó [Airteagal 17(2)(c) de Threoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú*]] gan dochar do rochtain comhairleoirí dlí i gcomhréir le [hAirteagail 8(4), 14(1) agus 16(3) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]] agus rochtain UNHCR i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]].

Airteagal 4

Nós imeachta um [...] fhilleadh éigeandála i gcás ionstraimithe [...]

An Ballstát lena mbaineann a bhfuil náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ag teacht go dtí a theorainn sheachtrach i gcás ionstraimithe, féadfaidh sé a chinneadh gan [Airteagal 41a de Rialachán (AE) XXX/XXX, *[an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*, *[an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)]*] a chur i bhfeidhm, agus an dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm ina ionad sin, agus [Airteagal 4(4) de Threoir XXX/XXX *[an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn]*, *[an Treoir um Fhilleadh (athmhúnlú)]*] á urramú *mutatis mutandis* aige, i ndáil le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh orthu, agus a ghabhtar nó a aimsítear i gcomhréir leis an Rialachán seo nó a chuir iad féin i láthair ag pointí trasnaithe teorann agus a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus ar diúltaíodh a n-iarratas ina dhiaidh sin agus nach bhfuil ceart acu fanacht agus nach bhfuil cead acu fanacht.]⁹

[...]

⁹ Cuirtear an fhoráil seo isteach gan dochar don seasamh a ghlacfaidh an Chomhairle i bhfianaise na tuairime ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir le hábharthacht Schengen agus geoiméadracht athraitheach.

Airteagal 5

Bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta

1. I gcás ina bhfuil Ballstát ag déileáil le cás ionstraimithe [...], féadfaidh sé bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a iarraidh ar Bhallstáit eile chun an cás sin a bhainistiú agus féadfaidh sé cineál na mbeart tacaíochta agus dlúthpháirtíochta is gá a sonrú. Is ar bhonn deonach atá an tacaíocht ó na Ballstáit eile agus an rannchuidiú dlúthpháirtíochta ar mhaithe le Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe [...] agus féadfar na cineálacha rannchuidithe seo a leanas a áireamh leo:
 - (a) bearta fothaithe acmhainneachta i réimse an tearmainn, an ghlactha nó an fhillte;
 - (b) tacaíocht oibríochtúil i réimse an tearmainn, an ghlactha nó an fhillte;
 - (c) bearta atá dírithe ar fhreagairt ar an gcás ionstraimithe, lena n-áirítear bearta sonracha chun tacú le filleadh, trí chomhar le tríú tíortha nó trí fhor-rochtain chuig tríú tíortha a bhfuil ionstraimiú á dhéanamh ar a náisiúnaigh; nó
 - (d) aon bhearta eile a meastar a bheith leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar an gcás ionstraimithe agus chun tacú leis an mBallstát lena mbaineann, agus athshocrúithe.
2. An Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe, seolfaidh sé iarraidh chuig an gCoimisiún ar rannchuidiú tacaíochta agus dlúthpháirtíochta ó Bhallstáit ag sonrú na mbeart dlúthpháirtíochta atáthar a iarraidh.

3. Gan dochar d'fhorálacha dlúthpháirtíochta ionstraimí eile [...], iarrfaidh an Coimisiún, a luaithe is féidir tar éis dó an iarraidh ar bhearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 2 a fháil, ar Bhallstáit eile rannchuidiú trí bhíthin na mbeart tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear i mír 1 a fhreagraíonn do riachtanais an Bhallstáit atá ag déileáil leis an gcás ionstraimithe. Comhordóidh an Coimisiún na bearta tacaíochta agus dlúthpháirtíochta dá dtagraítear san Airteagal seo.
4. Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe [...], féadfaidh sé, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna rialacháin maidir leis na gníomhaireachtaí faoi seach, tacaíocht a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, ar an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, nó ar Europol i gcomhréir lena sainorduithe. [...]

Airteagal 6

Forálacha agus ráthaíochtaí sonracha

1. I gcás ina bhfuil na maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 á gcur i bhfeidhm, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát ar an eolas go cuí, i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát nó i dteanga a síltear ar bhonn réasúnach go dtuigfidh sé, faoi na bearta atá á gcur i bhfeidhm, faoi shuíomh na bpointí clárúcháin, lena n-áirítear na pointí trasnaithe teorann, a bhfuil rochtain orthu chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a thaisceadh, agus faoi ré na mbeart. Féadfar faisnéis a sholáthar trí phainéil faisnéise, gan dochar d'[Airteagail 8 agus 19(2) de Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn*]].

- 1a. Síneadh na teorann ama chun iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú i gcomhréir le hAirteagal 2(a), beidh sé gan dochar do na spriocdhátaí a leagtar amach in Airteagal 10(1)(b) de [*Rialachán EUODAC*].
- 1b. Na maoluithe i gcomhréir le hAirteagal 2, ní dhéanfaidh siad difear don phróiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach faoi chuimsiú [AMMR]. I gcás ina mbeidh an próiseas chun a chinneadh cé acu Ballstát atá freagrach níos faide ná ré uasta an nós imeachta éigeandála tearmainn, cuirfear an próiseas i gcrích ar chríoch an Bhallstáit a mbeidh an cinneadh á dhéanamh aige.
2. An Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe [...], ní chuirfidh sé Airteagail 2, 3 [...]ná 4 i bhfeidhm níos faide ná a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an ionstraimiú [...], agus i gcás ar bith, ní chuirfidh sé i bhfeidhm iad níos faide ná an tréimhse a leagtar amach sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 7, mír 4.

CAIBIDIL III

Rialacha nós imeachta

Airteagal 7

Nós imeachta um údarú

1. Ballstát [...] atá ag déileáil le cás ionstraimithe, féadfaidh sé, i bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla sin, údarú a iarraidh chun na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 a chur i bhfeidhm.
2. [...] I gcás ina gcuirfidh an Ballstát iarrthach fianaise dhochloíte faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear gurb ann do na dálaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise sin, togra gan mhoill le haghaidh cinneadh cur chun feidhme iomchuí ón gComhairle mar a thagraítear dó i mír 3. Féadfaidh an Coimisiún togra den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás ina measann sé gurb iomchuí sin a dhéanamh ar bhonn [...] faisnéise arna soláthar ag an mBallstát iarrthach.
3. Mar ábhar práinne, déanfaidh an Chomhairle measúnú ar [...] an togra sin [...] agus, ag brath ar thoradh an mheasúnaithe i dtrácht, glacfaidh sí cinneadh cur chun feidhme lena n-údarófar don Bhallstát lena mbaineann na maoluithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 a chur i bhfeidhm.
4. Sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3, luafar na forais ar a bhfuil sé bunaithe, agus socrófar ann an dáta óna bhféadfar na rialacha a leagtar síos in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an tréimhse ama chun iad a chur i bhfeidhm, ar tréimhse í nach rachaidh thar thréimhse thosaigh 6 mhí, agus sonrófar ann na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát atá faoi réir ionstraimithe.

5. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle [...] faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar an gcás ionstraimithe. I gcás ina measann an Coimisiún gurb íomchuí sin ar bhonn faisnéise ábhartha, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a aisghairm nó cinneadh cur chun feidhme nua ón gComhairle a ghlacadh lena n-údarófar leasú nó fadú [...] na maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná 6 mhí. I gcás ina gcuirfidh an Ballstát iarrthach fianaise dhochloíte faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear gurb ann fós do na dálaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise sin, togra a thíolacadh le haghaidh cinneadh cur chun feidhme nua ón gComhairle chun na maoluithe sonracha dá dtagraítear in Airteagail 2, 3 [...] nó 4 a leasú nó a fhadú ar feadh tréimhse bhreise nach faide ná 6 mhí. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis shonrach is gá don Choimisiún chun an t-athbhreithniú sin a chur i gcrích agus chun an togra maidir le haisghairm nó le fadú a dhéanamh mar aon le haon fhaisnéis eile a iarrfaidh an Coimisiún.
6. Leanfaidh na Ballstáit ar feadh na huastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 2 de na maoluithe nós imeachta a leagtar amach sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3 a chur i bhfeidhm i ndáil leis na hiarratasóirí sin ar cláraíodh a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den tréimhse inar féidir na maoluithe sin a chur i bhfeidhm go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir lena n-iarratas nó go dtí go ndéanfar na náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát lena mbaineann a fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 4.
7. Agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu de bhun an Airteagail seo, áiritheoidh an Coimisiún agus an Chomhairle i gcónaí go n-urramófar prionsabal na comhréireachta.

Airteagal 8

Comhar agus measúnú

1. An Coimisiún, institiúidí agus gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais Eorpaigh agus an Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe, [...] oibreoidh siad i ndlúthchomhar lena chéile agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas go rialta maidir le cur chun feidhme na maoluithe agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 7. An Ballstát lena mbaineann, leanfaidh sé de na sonraí ábhartha go léir a thuairisciú, lena n-áirítear staitisticí atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo, tríd Líonra an Aontais Eorpaigh um Ullmhacht agus um Bainistiú Géarchéimeanna i ndáil leis an Imirce.
2. An Ballstát atá ag déileáil le cás ionstraimithe, coinneoidh sé [...] dlúthchomhar ar bun le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus le haon [...] eagraíochtaí eile ar chuir an Ballstát cúraimí orthu [...] i gcomhréir leis an gCaibidil seo agus [...] le Rialachán (AE) XXX/XXX [*an Rialachán maidir leis an nós imeachta tearmainn*] agus le Treoir XXX/XXX [*an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, Athmhúnlú*].

CAIBIDIL IV

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán